Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Nollaig 2021
(OR. en)

14614/21

**Comhad Idirinstitiúideach:
2021/0383(NLE)**

**JAI 1333
COPEN 433
CYBER 321
ENFOPOL 483
TELECOM 453
EJUSTICE 106
MI 913
DATAPROTECT 277**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 719 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 719 final.

Faoi iamh: COM(2021) 719 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.11.2021
COM(2021) 719 final

2021/0383 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí ('an Prótacal') a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist).[1] Is éard is aidhm don Phrótacal rialacha comhchoiteanna a chur ar fáil ar an leibhéal idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar chomhar i ndáil leis an gcibearchoireacht agus ar bhailiú fianaise i bhfoirm leictreonach le haghaidh imscrúduithe nó imeachtaí coiriúla.

Comhlánaíonn an togra seo togra ar leith ón gCoimisiún le haghaidh Cinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh ('an Chomhairle') lena n-údaraítear do na Ballstáit an Prótacal a shíniú chun leas an Aontais Eorpaigh.

Is dúshlán suntasach fós í an chibearchoireacht dár sochaí. D'ainneoin iarrachtaí na n-údarás um fhorfheidhmiú an dlí agus na n-údarás breithiúnach, tá méadú ag teacht ar chibear-ionsaithe, lena n-áirítear ionsaithe ar bhogearraí éirice, agus tá siad ag éirí níos casta.[2] Ós rud é nach bhfuil teorainneacha ag an idirlín, is ar bhonn trasteorann a bhíonn imscrúduithe cibearchoireachta beagnach i gcónaí, rud a fhágann go mbíonn gá le dlúthchomhar idir na húdaráis i dtíortha éagsúla.

Tá fianaise leictreonach ag éirí níos tábhachtaí le haghaidh imscrúduithe coiriúla. Measann an Coimisiún go dteastaíonn rochtain ar fhianaise leictreonach ó na húdaráis forfheidhmithe dlí agus bhreithiúnacha in 85 % d'imscrúduithe coiriúla sa lá atá inniu ann, lena n-áirítear imscrúduithe cibearchoireachta.[3] Is minice anois gur i bhfoirm leictreonach a choinníonn soláthraithe seirbhíse i ndlínsí eachtracha fianaise i leith aon chiona choiriúla, agus ionas go mbeidh freagairt éifeachtach ón gceartas coiriúil ann, teastaíonn bearta iomchuí chun an fhianaise sin a fháil ar mhaithe leis an smacht reachta a chaomhnú.

Déantar iarrachtaí ar fud an domhain, ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais Eorpaigh[4] agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, lena n-áirítear tríd an bPrótacal, chun feabhas a chur ar an rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach i leith imscrúduithe coiriúla. Tá sé tábhachtach rialacha comhoiriúnacha a áirithiú ar an leibhéal idirnáisiúnta chun coinbhleachtaí dlí a sheachaint nuair a dhéantar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach a lorg.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Cúlra

Tá sé d'aidhm ag Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist, CETS Uimh. 185) ('an Coinbhinsiún') an comhrac i gcoinne cionta coiriúla a éascú agus leas á bhaint as líonraí ríomhaireachta. Maidir leis an gcoinbhinsiún; (1) tá forálacha ann lena gcomhchuibhítear gnéithe den dlí substainteach coiriúil náisiúnta i leith cionta agus forálacha gaolmhara i réimse na cibearchoireachta, (2)

1 Tá téacs an Phrótacail curtha mar iarscríbhinn leis an togra seo.
2 Measúnú an Aontais Eorpaigh ar Bhagairt na Coireachta Tromchúisí Eagraithe 2021 (EU SOCTA 2021).
3 SWD(2018) 118 final.
4 COM(2018)225 agus 226 final.

déantar foráil ann maidir le cumhachtaí nós imeachta i ndáil le dlí coiriúil náisiúnta a bhfuil gá leo chun cionta den sórt sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh mar aon le cionta eile a dhéantar trí chóras ríomhaireachta nó cionta ar i bhfoirm leictreonach atá an fhianaise ina leith, agus (3) tá sé d'aidhm aige córas tapa éifeachtach um chomhar idirnáisiúnta a chur ar bun.

Tá an Coinbhinsiún ar oscailt do Bhallstáit Chomhairle na hEorpa, agus do thíortha nach Ballstáit iad, ar chuireadh a fháil. Faoi láthair, tá 66 thír ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún, lena n-áirítear 26 Bhallstát den Aontas Eorpach.[5] Níl sé beartaithe sa Choinbhinsiún go bhféadfaidh an tAontas Eorpach aontú don Choinbhinsiún. Aithnítear an tAontas Eorpach, áfach, mar Eagraíocht Bhreathnóireachta ar Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht (T-CY).[6]

D'ainneoin iarrachtaí chun coinbhinsiún nua maidir le cibearchoireacht a chaibidliú ar leibhéal na Náisiún Aontaithe[7], is é Coinbhinsiún Bhúdaipeist an príomhchoinbhinsiún iltaobhach fós i dtaca leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta. Tacaíonn an tAontas go leanúnach leis an gCoinbhinsiún[8], lena n-áirítear trí chláir um fhothú acmhainneachta a mhaoiniú.[9]

Tar éis moltaí ón nGrúpa um Néalfhianaise[10], ghlac Coiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht roinnt moltaí chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán, is é sin gur minice anois ná riamh go mbíonn fianaise leictreonach a bhaineann leis an gcibearchoireacht agus le cionta eile á gcoinneáil ag soláthraithe seirbhíse i ndlínsí eachtracha, fad agus a mbíonn cumhachtaí fhorfheidhmiú an dlí teoranta ag teorainneacha críochacha, agus mar chuid de ghlacadh na moltaí sin, caibidlíodh an Dara Prótacal Breise a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht i ndáil le comhar idirnáisiúnta feabhsaithe. I mí an Mheithimh 2017, d'fhormheas Coiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht na téarmaí tagartha maidir leis an Dara Prótacal Breise a ullmhú le linn na tréimhse ó mhí Mheán Fómhair 2017 go mí na Nollag 2019.[11] I bhfianaise an ghá atá le níos mó ama chun an plé a thabhairt i gcrích, mar aon leis na bacainní a bhain le paindéim COVID-19 in 2020 agus in 2021, chuir Coiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht síneadh leis na téarmaí tagartha faoi dhó, go dtí mí na Nollag 2020, agus go dtí mí na Bealtaine 2021 ina dhiaidh sin.

Tar éis na hiarrata ón gComhairle Eorpach ina cuid conclúidí an 18 Deireadh Fómhair 2018[12], an 5 Feabhra 2019 ghlac an Coimisiún Moladh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle lena n-údaraítear don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht faoin dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa

[5] Ach amháin Éire, a bhfuil an Coinbhinsiún sínithe aici ach nár dhaingnigh é, ach a bhfuil gealltanas tugtha aici mar sin féin go n-aontódh sí dó.
[6] Rialacha Nós Imeachta Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht (T-CY (2013)25 rev), le fáil ag www.coe.int/cybercrime.
[7] Rún 74/247 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe mí na Nollag 2019 maidir le 'Cur i bhfeidhm úsáid teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil'.
[8] JOIN(2020) 81 final.
[9] Féach, mar shampla, an Ghníomhaíocht Dhomhanda Leathnaithe maidir le Cibearchoireacht (GLACY)+, le fáil ag https://www.coe.int/en/web/cybercrime/glacyplus.
[10] An tuarascáil chríochnaitheach ón nGrúpa um Néalfhianaise, Grúpa de chuid Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht, 'Rochtain an cheartais choiriúil ar fhianaise leictreonach sa néal: Moltaí lena mbreithniú ag T-CY' an 16 Meán Fómhair 2016.
[11] https://rm.coe.int/t-cy-terms-of-reference-protocol/1680a03690
[12] https://www.consilium.europa.eu/en/press/press-releases/2018/10/18/20181018-european-council-conslusions/

maidir le Cibearchoireacht.[13] Ghlac an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí tuairim maidir leis an Moladh an 2 Aibreán 2019.[14] Le cinneadh an 6 Meitheamh 2019, d'údaraigh Comhairle an Aontais Eorpaigh don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht faoin Dara Prótacal Breise.[15]

Mar a cuireadh in iúl i Straitéis 2020 an Aontais um an Aontas Slándála[16], i Straitéis Chibearshlándála 2020 an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití[17] agus i Straitéis 2021 an Aontais um an gCoireacht Eagraithe[18], tá an Coimisiún tiomanta an chaibidlíocht faoin bPrótacal a thabhairt i gcrích go pras agus go rathúil. D'aithin Parlaimint na hEorpa freisin, ina Rún ó 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití[19], gur gá an obair ar an bPrótacal a thabhairt i gcrích.

Ghlac an Coimisiún páirt, thar ceann an Aontais Eorpaigh, sa chaibidlíocht faoin bPrótacal i gcomhréir leis an gCinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go leanúnach le coiste speisialta na Comhairle um an gcaibidlíocht maidir le seasamh an Aontais.

I gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach[20], choinnigh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas maidir leis an gcaibidlíocht trí bhíthin tuarascálacha i scríbhinn agus cuir i láthair ó bhéal.

Ag cruinniú iomlánach Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht an 28 Bealtaine 2021, d'fhormheas Coiste an Choinbhinsiúin um Chibearchoireacht an Dréachtphrótacal ar a leibhéal féin agus chuir sé an dréacht ar aghaidh lena ghlacadh ag Coiste Airí Chomhairle na hEorpa.[21] An 17 Samhain 2021, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa an Prótacal.

### 2.2. An Dara Prótacal Breise

Is éard is aidhm don Phrótacal feabhas a chur ar chomhar maidir leis an gcibearchoireacht agus le bailiú fianaise i bhfoirm leictreonach i leith cion coiriúil chun críche imscrúduithe coiriúla sonracha nó imeachtaí coiriúla sonracha. Aithnítear sa Phrótacal an gá atá leis an gcomhar idir Stáit agus an comhar leis an earnáil phríobháideach a mhéadú agus a dhéanamh níos éifeachtúla, mar aon leis an ngá le soiléireacht agus cinnteacht dhlíthiúil le haghaidh soláthraithe seirbhíse agus eintitis eile maidir leis na himthosca ina bhféadfaidh siad freagairt ar iarrataí ó údaráis ceartais choiriúil ar chríoch Páirtithe eile go ndéanfaí fianaise leictreonach a nochtadh.

Aithnítear sa Phrótacal freisin go mbíonn coinníollacha éifeachtacha agus coimircí láidre i dtaca le cosaint na gceart bunúsach ag teastáil le haghaidh comhar éifeachtach trasteorann

[13] COM(2019) 71 final.
[14] Tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le rannpháirtíocht sa chaibidlíocht le haghaidh an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht an 2 Aibreán 2019, Tuairim 3/2019.
[15] Cinneadh ón gComhairle, tagairt 9116/19.
[16] COM(2020) 605 final.
[17] JOIN(2020) 81 final.
[18] COM(2021) 170 final.
[19] Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meitheamh 2021 maidir le Straitéis Chibearshlándála an Aontais le haghaidh na Deacáide Digití.
[20] Tagairt L 304/47.
[21] https://rm.coe.int/0900001680a2aa42

chun críocha an cheartais choiriúil, lena n-áirítear comhar idir údaráis na hearnála poiblí agus eintitis san earnáil phríobháideach. Chun na críche sin, leanann an Prótacal cur chuige atá bunaithe ar chearta agus déantar foráil ann maidir le coinníollacha agus coimircí i gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1950 chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Ós rud é gur minic a bhaineann fianaise leictreonach le sonraí pearsanta, tá coimircí láidre sa Phrótacal freisin chun príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint.

Na forálacha dá dtagraítear sna fomhíreanna seo a leanas, tá tábhacht ar leith ag baint leo i gcás an Phrótacail. Tá tuarascáil mhíniúcháin mhionsonraithe ag gabháil leis an bPrótacal. Cé nach ionstraim í an tuarascáil mhíniúcháin lena dtugtar léirmhíniú údarásach ar an bPrótacal, tá sé beartaithe ‘treoir agus cúnamh a thabhairt do Pháirtithe’ agus an Prótacal á chur i bhfeidhm.[22]

### *2.2.1. Forálacha coiteanna*

Déantar foráil i gCaibidil I den Phrótacal maidir le forálacha coiteanna. In Airteagal 2, cinntear raon feidhme an Phrótacail, i gcomhréir le raon feidhme an Choinbhinsiúin: tá feidhm aige maidir le himscrúduithe coiriúla sonracha, sin nó imeachtaí i dtaca le cionta coiriúla a bhaineann le córais agus sonraí ríomhaireachta, agus maidir le bailiú fianaise i bhfoirm leictreonach i leith cion coiriúil.

In Airteagal 3, tugtar sainmhínithe ar ‘údaráis lárnacha’, ‘údaráis inniúla’, ‘staideanna éigeandála’, ‘sonraí pearsanta’ agus ‘Páirtí aistritheach’. Tá feidhm ag na sainmhínithe sin maidir leis an bPrótacal, mar aon le sainmhínithe a áirítear sa Choinbhinsiún.

In Airteagal 4 cinntear na teangacha inar cheart do Pháirtithe orduithe, iarrataí nó fógraí a chur isteach faoin bPrótacal.

### *2.2.2. Bearta comhair*

Déantar foráil i gCaibidil II den Phrótacal maidir le bearta chun comhar a fheabhsú. Ar an gcéad dul síos, in Airteagal 5, mír 1, cinntear go n-oibreoidh na Páirtithe i gcomhar ar bhonn an Phrótacail a mhéid is féidir. In Airteagal 5, míreanna 2 go 5, cinntear cur i bhfeidhm bhearta an Phrótacail maidir le conarthaí nó socruithe i ndáil le cúnamh frithpháirteach atá ann cheana. In Airteagal 5, mír 7, leagtar amach nach gcuirfidh na bearta i gCaibidil II srian ar chomhar idir Páirtithe, ná ar chomhar le soláthraithe seirbhíse ná le heintitis, trí chomhaontuithe, socruithe nó cleachtais eile is infheidhme, nó trí fhorálacha eile is infheidhme de dhlí náisiúnta.

In Airteagal 6. déantar foráil maidir le bonn le haghaidh an chomhair dhírigh idir na húdaráis inniúla i bPáirtí amháin agus eintitis a sholáthraíonn seirbhísí clárúcháin ainmneacha fearainn i bPáirtí eile, chun sonraí clárúcháin ainmneacha fearainn a nochtadh.

In Airteagal 7 tugtar bonn le haghaidh an chomhair dhírigh idir na húdaráis inniúla i bPáirtí amháin agus soláthraithe seirbhíse i bPáirtí eile chun sonraí rannpháirtithe a nochtadh.

In Airteagal 8 tugtar bonn le haghaidh comhar feabhsaithe idir údaráis chun sonraí ríomhaireachta a nochtadh.

---

[22] Féach mír 2 den tuarascáil mhíniúcháin a ghabhann leis an bPrótacal.

In Airteagal 9 tugtar bonn le haghaidh comhar idir údaráis chun sonraí ríomhaireachta a nochtadh i staideanna éigeandála.

In Airteagal 10 tugtar bonn le haghaidh chúnamh dlíthiúil frithpháirteach i staideanna éigeandála.

In Airteagal 11 tugtar bonn le haghaidh comhar trí fhíschomhdháil.

In Airteagal 12 tugtar bonn le haghaidh imscrúduithe comhpháirteacha agus le haghaidh foirne comhpháirteacha um imscrúdú.

*2.2.3. Coimircí*

Leanann an Prótacal cur chuige atá bunaithe ar chearta lena ngabhann coinníollacha agus coimircí sonracha, coinníollacha agus coimircí a bhfuil cuid acu ionchorpraithe sna bearta comhair sonracha agus i gCaibidil III den Phrótacal. Le hAirteagal 13 den Phrótacal, ceanglaítear ar Pháirtithe a áirithiú go bhfuil cumhachtaí agus nósanna imeachta faoi réir leibhéal cosanta iomchuí do chearta bunúsacha, cosaint a áirithíonn go gcuirfear prionsabal na comhréireachta i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 15 den Choinbhinsiún.

Déantar foráil in Airteagal 14 den Phrótacal maidir le sonraí pearsanta a chosaint, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 den Phrótacal i gcomhréir leis an bPrótacal Leasaitheach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil (CETS 223) (Coinbhinsiún 108+) agus le dlí an Aontais.

Ar an mbonn sin, in Airteagal 14, míreanna 2 go 15, leagtar amach prionsabail bhunúsacha maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear teorannú de réir cuspóra, bunús dlí, cáilíocht sonraí agus rialacha is infheidhme maidir le próiseáil catagóirí speisialta sonraí, oibleagáidí is infheidhme maidir le rialaitheoirí, lena n-áirítear oibleagáidí maidir le tréimhsí coinneála, taifid a choimeád, an tslándáil agus aistrithe ar aghaidh, cearta aonair in-fhorfheidhmithe, lena n-áirítear cearta maidir le fógra a thabhairt, rochtain, ceartú agus cinnteoireacht uathoibrithe, maoirseacht neamhspleách éifeachtach ag údarás amháin nó níos mó agus sásamh riaracháin agus sásamh breithiúnach. Cumhdaíonn na coimircí gach cineál comhair a leagtar amach sa Phrótacal, maille le hoiriúnuithe i gcás inar gá chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sonracha an chomhair dhírigh (e.g. i gcomhthéacs fógra a thabhairt maidir le sárú). Is féidir feidhmiú ceart aonair áirithe a mhoilliú, a theorannú nó a dhiúltú i gcás inar gá agus is comhréireach chun cuspóirí tábhachtacha leasa phoiblí a shaothrú, go háirithe chun cosc a chur ar riosca d'imscrúduithe forfheidhmithe dlí atá ar siúl, rud atá i gcomhréir le dlí an Aontais freisin.

Ba cheart Airteagal 14 den Phrótacal a léamh i gcomhar le hAirteagal 23 den Phrótacal freisin. Le hAirteagal 23, neartaítear éifeachtacht na gcoimircí sa Phrótacal trína fhoráil go ndéanfaidh Coiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht measúnú ar chur chun feidhme agus ar chur i bhfeidhm na mbeart arna nglacadh sa reachtaíocht náisiúnta chun feidhm a thabhairt d'fhorálacha an Phrótacail. Aithnítear go sainráite in Airteagal 23, mír 3, go háirithe, go ndéanfar measúnú ar chur chun feidhme Airteagal 14 ag na Páirtithe nuair a léireoidh deich bPáirtí sa Choinbhinsiún a dtoiliú maidir le bheith faoi cheangal ag an bPrótacal.

Mar choimirce bhreise, de bhun Airteagal 14, mír 15, i gcás ina bhfuil fianaise shubstaintiúil ag Páirtí go bhfuil Páirtí eile ag déanamh sárú córasach nó sárú ábhartha ar na coimircí a leagtar amach sa Phrótacal, féadfaidh sé aistriú sonraí pearsanta chuig an bPáirtí sin a chur ar

fionraí tar éis comhairliúcháin (rud nach gá i gcás práinne). Aon sonraí pearsanta a aistríodh roimh an bhfionraí, caithfear leo fós i gcomhréir leis an bPrótacal.

Ar deireadh, ós rud é go bhfuil an Prótacal iltaobhach, in Airteagal 14, mír 1, pointí b agus c den Phrótacal, ceadaítear do Pháirtithe teacht ar chomhaontú ina gcaidrimh dhéthaobhacha faoi choinníollacha áirithe maidir le bealaí eile chun cosaint sonraí pearsanta a aistrítear faoin bPrótacal a áirithiú. Cé go bhfuil feidhm ag coimircí Airteagal 14, mír 2 go 15, mar réamhshocrú maidir le Páirtithe a fhaigheann sonraí pearsanta, ar bhonn Airteagal 14, mír 1, pointe b, Páirtithe atá faoi cheangal frithpháirteach ag comhaontú idirnáisiúnta lena mbunaítear creat cuimsitheach chun sonraí pearsanta a chosaint i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme i reachtaíocht na bPáirtithe lena mbaineann, féadfaidh na Páirtithe sin brath ar an gcreat sin freisin. Baineann sé sin, mar shampla, le Coinbhinsiún 108+ (i gcás na bPáirtithe sin a cheadaíonn aistrithe sonraí chuig Páirtithe eile faoin gcoinbhinsiún sin) nó faoi Scáth-Chomhaontú AE-SAM (laistigh dá raon feidhme, i.e. maidir le sonraí pearsanta a aistriú idir údaráis agus, in éineacht le socrú sonrach i ndáil le haistriú idir SAM agus AE, maidir le comhar díreach idir údaráis agus soláthraithe seirbhíse). Ina theannta sin, ar bhonn Airteagal 14, mír 1, pointe c, féadfaidh na Páirtithe a chinneadh go frithpháirteach freisin go ndéanfar sonraí pearsanta a aistriú ar bhonn comhaontuithe nó socruithe eile idir na Páirtithe lena mbaineann. I gcás na mBallstát den Aontas, ní fhéadfar brath ar chomhaontú nó socrú malartach den sórt sin i gcás aistrithe sonraí faoin bPrótacal ach amháin má chomhlíonann na haistrithe sin ceanglais dhlí an Aontais maidir le cosaint sonraí, eadhon Caibidil V de Threoir (AE) 2016/680 (an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí) agus (maidir le comhar díreach idir údaráis agus soláthraithe seirbhíse faoi Airteagail 6 agus 7 den Phrótacal) Caibidil V de Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

### *2.2.4. Forálacha críochnaitheacha*

Déantar foráil i gCaibidil IV den Phrótacal maidir le forálacha críochnaitheacha. I measc nithe eile, in Airteagal 15, mír 1, pointe a, áirithítear go bhféadfaidh Páirtithe a gcaidrimh maidir leis na hábhair a leagtar amach sa Phrótacal a bhunú ar shlí eile, i gcomhréir le mír 2 d'Airteagal 39 den Choinbhinsiún. In Airteagal 15, mír 1, pointe b, áirithítear go bhféadfaidh na Ballstáit den Aontas ar Páirtithe iad sa Phrótacal leanúint de dhlí an Aontais a chur i bhfeidhm ina gcaidrimh fhrithpháirteacha. In Airteagal 15, mír 2, cinntear freisin go bhfuil feidhm ag Airteagal 39, mír 3, den Choinbhinsiún maidir leis an bPrótacal.

Léirítear in Airteagal 16, mír 3, go dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm nuair a léireoidh cúig Pháirtí sa Choinbhinsiún a dtoiliú maidir le bheith faoi cheangal ag an bPrótacal.

In Airteagal 19, mír 1, foráiltear go bhféadfaidh Páirtithe leas a bhaint as forchoimeádais maidir le hAirteagal 7, mír 9, pointí a agus b, Airteagal 8, mír 13, agus Airteagal 17. In Airteagal 19, mír 2, foráiltear go bhféadfaidh Páirtithe dearbhuithe a dhéanamh maidir le hAirteagal 7, mír 2, pointe b, agus mír 8; Airteagal 8, mír 11; Airteagal 9, mír 1, pointe b, agus mír 5; Airteagal 10, mír 9; Airteagal 12, mír 3; agus Airteagal 18, mír 2. In Airteagal 19, mír 3, cinntear go ndéanfaidh Páirtí dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí a shainaithnítear in Airteagal 7, mír 5, pointí a agus e; Airteagal 8, mír 4, agus mír 10, pointí a agus b; Airteagal 14, mír 7, pointe c agus mír 10, pointe b, agus Airteagal 17, mír 2.

In Airteagal 23, mír 1, tugtar bonn le haghaidh comhairliúcháin i measc Páirtithe, lena n-áirítear trí Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht, i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún. In Airteagal 23, mír 2, tugtar bonn le haghaidh measúnú a dhéanamh ar úsáid agus ar chur chun feidhme fhorálacha an Phrótacail freisin. In Airteagal 23, mír 3, áirithítear go dtosóidh an measúnú ar úsáid agus ar chur chun feidhme Airteagal 14 i dtaca le

cosaint sonraí nuair a léireoidh deich bPáirtí go dtoilíonn a dtoiliú maidir le bheith faoi cheangal ag an bPrótacal.

## 2.3. Dlí agus beartas an Aontais sa réimse

Den chuid is mó, cumhdaítear an réimse atá faoi rialú an Phrótacail le rialacha comhchoiteanna atá bunaithe ar Airteagal 82(1) agus ar Airteagal 16 CFAE. I gcreat dlíthiúil reatha an Aontais Eorpaigh, áirítear ionstraimí maidir le forfheidhmiú an dlí agus comhar breithiúnach in ábhair choiriúla go háirithe, amhail Treoir 2014/41/AE maidir leis an Ordú Imscrúdaithe Eorpach in ábhair choiriúla, an Coinbhinsiún maidir le Cúnamh Frithpháirteach in Ábhair Choiriúla idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus Cinneadh Réime 2002/465/CGB ón gComhairle maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú. Tá roinnt comhaontuithe déthaobhacha tugtha i gcrích ag an Aontas Eorpach go seachtrach idir an tAontas agus tríú tíortha, amhail na Comhaontuithe maidir le Cúnamh Dlí Frithpháirteach idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin agus idir an tAontas Eorpach agus an Iorua agus an Íoslainn. Áirítear freisin i gcreat dlíthiúil reatha an Aontais Eorpaigh Rialachán (AE) 2017/1939 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (‘OIPE’). Na Ballstáit atá rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe, ba cheart dóibh a áirithiú gur féidir le OIPE, i bhfeidhmiú a hinniúlachtaí di mar a fhoráiltear don mhéid sin in Airteagail 22, 23 agus 25 de Rialachán (AE) 2017/1939, comhar a lorg faoin bPrótacal ar an gcaoi chéanna le hionchúisitheoirí náisiúnta na mBallstát sin. Baineann na hionstraimí agus na comhaontuithe sin le hAirteagail 8, 9, 10, 11 agus 12 den Phrótacal go háirithe.

Thairis sin, ghlac an tAontas roinnt treoracha lena dtreisítear cearta nós imeachta daoine atá faoi dhrochamhras agus daoine atá cúisithe.[23] Baineann na hionstraimí sin le hAirteagail 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12 agus 13 den Phrótacal go háirithe. Baineann sraith coimircí ar leith le cosaint sonraí pearsanta, ar ceart bunúsach é a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais agus i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ní fhéadfar sonraí pearsanta a phróiseáil ach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) agus Treoir (AE) 2016/680 (an Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí). An ceart bunúsach atá ag gach duine go n-urramófar a shaol príobháideach agus a shaol teaghlaigh, a chónaí agus a chumarsáidí, áirítear leis an gceart sin an ghné riachtanach go n-urramófar príobháideacht chumarsáidí an duine. Ní féidir sonraí cumarsáide leictreonaí a phróiseáil ach amháin i

[23] Treoir 2010/64/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an gceart chun ateangaireachta agus chun aistriúcháin in imeachtaí coiriúla, IO L 280, 26.10.2010, lch. 1; Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla, IO L 142, 1.6.2012, lch. 1; Treoir 2013/48/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair maidir leis an gceart chun dlíodóir a rochtain in imeachtaí coiriúla agus in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, agus leis an gceart chun tríú páirtí a chur ar an eolas maidir le cailleadh saoirse agus chun cumarsáid a dhéanamh le tríú daoine agus le húdaráis chonsalachta nuair a chailltear an tsaoirse, IO L 294, 6.11.2013, lch. 1; Treoir (AE) 2016/1919 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le cúnamh dlí do dhaoine atá faoi dhrochamhras agus daoine cúisithe in imeachtaí coiriúla agus do dhaoine iarrtha in imeachtaí maidir leis an mbarántas gabhála Eorpach, IO L 297, 4.11.2016, lch. 1; Treoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir leis na coimircí nós imeachta do leanaí ar daoine iad atá faoi drochamhras nó atá cúisithe in imeachtaí coiriúla, IO L 132, 21.5.2016, lch. 1; Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lch. 1; Treoir 2012/13/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir leis an gceart i gcomhair faisnéise in imeachtaí coiriúla.

gcomhréir le Treoir 2002/58/CE (an Treoir maidir leis an Ríomhphríobháideachas). Baineann na hionstraimí sin le hAirteagail 14 den Phrótacal go háirithe.

In Airteagal 14 , míreanna 2 go 15 den Phrótacal, déantar foráil maidir le coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí de réir bhrí rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, go háirithe Airteagal 46 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus Airteagal 37 den Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí, agus cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le ceanglais dhlí an Aontais[24] agus chun éifeachtacht na gcoimircí a leagtar amach in Airteagal 14 den Phrótacal a ráthú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar fógra do dhaoine aonair ar aistríodh a gcuid sonraí, agus go ndéanfar sin faoi réir srianta áirithe, e.g. ionas nach gcuirfear imscrúduithe leanúnacha i mbaol. In Airteagal 14, mír 11, pointe c den Phrótacal, tugtar bonn do na Ballstáit an ceanglas sin a chomhlíonadh.

Ó tharla go bhfuil Airteagal 14, mír 1 den Phrótacal comhoiriúnach le rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí, ceanglaítear freisin go ndéanfaidh na Ballstáit an méid seo a leanas a mheas maidir le bealaí malartacha a d'fhéadfadh a bheith ann chun a áirithiú go dtabharfar cosaint iomchuí do shonraí pearsanta a aistrítear faoin bPrótacal. Maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta eile lena mbunaítear creat cuimsitheach chun sonraí pearsanta a chosaint i gcomhréir leis na ceanglais is infheidhme i reachtaíocht na bPáirtithe lena mbaineann, faoi Airteagal 14, mír 1, pointe b, ba cheart do na Ballstáit a chur san áireamh nach mór an Scáth-Chomhaontú AE-SAM a chomhlánú le coimircí breise ar mhaithe le comhar díreach – coimircí a chuirfear ar fáil i socrú sonrach i ndáil le haistriú idir SAM agus an tAontas nó a Bhallstáit – coimircí ina gcuirfear san áireamh na ceanglais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis.[25]

Ina theannta sin, faoi Airteagal 14, mír 1, pointe b den Phrótacal, ba cheart do na Ballstáit a mheas, i gcás na mBallstát den Aontas ar Páirtithe iad i gCoinbhinsiún 108+, nach dtugann an Coinbhinsiún sin leis féin bonn iomchuí d'aistrithe sonraí trasteorann chuig Páirtithe eile sa Choinbhinsiún sin faoin bPrótacal. I ndáil leis an méid sin, ba cheart dóibh an abairt dheireanach d'Airteagal 14, mír 1 de Choinbhinsiún 108+ a bhreithniú[26].

[24] Féach an Chúirt Bhreithiúnais (an Mór-Dhlísheomra), Tuairim 1/15, ECLI:EU:C:2017:592, mír 220. Féach freisin an méid a chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí leis an gcomhairliúchán maidir leis an dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Búdaipeist), an 13 Samhain 2019, lch. 6 ('Ní mór do na húdaráis inniúla náisiúnta ar deonaíodh rochtain ar na sonraí dóibh fógra a thabhairt do na daoine lena mbaineann, faoi na nósanna imeachta náisiúnta is infheidhme, a luaithe nach mbeidh baol ann a thuilleadh go ndéanfaidh an fógra sin dochar do na himscrúduithe atá idir lámha ag na húdaráis sin. ... Is gá fógra a thabhairt chun a chumasú do na daoine lena mbaineann, *inter alia*, a gceart chun leigheas dlí a fháil agus a gcearta cosanta sonraí i ndáil le próiseáil a sonraí a fheidhmiú).

[25] Sin é an fáth a bhfuil roinnt coimircí breise i ndáil le cosaint sonraí sa Chinneadh ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht le haghaidh comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach ar mhaithe le comhar breithiúnach in ábhair choiriúla (9114/19) sna treoracha caibidlíochta a ghabhann leis. Go háirithe, sonraítear sna treoracha caibidlíochta 'gur cheart don chomhaontú an Scáth-Chomhaontú a chomhlánú le coimircí breise a gcuirtear san áireamh leo leibhéal íogaireachta na gcatagóirí sonraí lena mbaineann agus na ceanglais uathúla a bhaineann le fianaise leictreonach a bheith á haistriú go díreach ag soláthraithe seirbhíse seachas idir údaráis, agus aistrithe ó údaráis inniúla go díreach chuig soláthraithe seirbhíse.'

[26] Féach freisin an Tuarascáil Mhíniúcháin a ghabhann leis an bPrótacal lena leasaítear an Coinbhinsiún chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch, an 10 Deireadh Fómhair 2018, pointí 106-107.

Ar deireadh, maidir le comhaontuithe nó socruithe eile faoi Airteagal 14, mír 1, pointe c, ba cheart do na Ballstáit a mheas nach bhféadfaidh siad brath ar na comhaontuithe ná na socruithe eile sin ach amháin má tá cinneadh leordhóthanachta glactha ag an gCoimisiún Eorpach de bhun Airteagal 45 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (AE) 2016/679 nó Airteagal 36 den Treoir maidir le Forghníomhú an Dlí (AE) 2016/680 i gcás an tríú tír lena mbaineann, cinneadh lena gcumhdaítear na haistrithe sonraí, nó má dhéantar coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí a áirithiú leis an gcomhaontú nó an socrú eile sin de bhun Airteagal 46 den Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí nó Airteagal 37, mír 1, pointe a den Treoir maidir le Forfheidhmiú an Dlí.

Ní mór dlí an Aontais a chur san áireamh, ní hamháin mar atá sé sa réimse lena mbaineann faoi láthair, ach an fhorbairt a thiocfaidh air amach anseo freisin, a mhéid is féidir a thuar tráth na hanailíse. Tá ábharthacht dhíreach ag baint leis an réimse a chumhdaítear leis an bPrótacal maidir le forbairtí intuartha ar dhlí an Aontais amach anseo. I ndáil leis an méid sin, ba cheart na tograí ón gCoimisiún maidir le rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach ó mhí Aibreáin 2018 a mheabhrú.[27] Baineann na hionstraimí sin le hAirteagail 6 agus 7 den Phrótacal go háirithe.

D'áirithigh an Coimisiún, agus páirt á glacadh aige sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais, go bhfuil an Prótacal ag teacht go hiomlán le dlí an Aontais agus le hoibleagáidí na mBallstát faoina chuimsiú sin. D'áirithigh an Coimisiún go háirithe go gcuireann forálacha an Phrótacail ar a gcumas do na Ballstáit cearta bunúsacha, saoirsí agus prionsabail ghinearálta dhlí an Aontais a urramú mar a chumhdaítear i gConarthaí an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, lena n-áirítear comhréireacht, cearta nós imeachta, toimhde na neamhchiontachta agus cearta cosanta daoine atá faoi réir imeachtaí coiriúla, mar aon le príobháideachas agus cosaint sonraí pearsanta agus sonraí cumarsáide leictreonaí nuair a dhéantar sonraí den sórt sin a phróiseáil, lena n-áirítear aistrithe chuig údaráis forfheidhmithe dlí i dtíortha lasmuigh den Aontas Eorpach, agus aon oibleagáid ina leith sin atá ar údaráis forfheidhmithe dlí agus ar údaráis bhreithiúnacha. Chuir an Coimisiún san áireamh freisin tuairim an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí[28] agus tuairim an Bhoird Eorpaigh um Chosaint Sonraí.[29]

Thairis sin, d'áirithigh an Coimisiún gur comhoiriúnach iad na forálacha sa Phrótacal agus sna tograí ón gCoimisiún maidir le ríomhfhianaise, lena n-áirítear de réir mar a d'fhorbair an dréachtreachtaíocht sa phlé leis na comhreachtóirí, agus nach n-eascraíonn coinbhleachtaí dlí as an bPrótacal. D'áirithigh an Coimisiún go háirithe go n-áirítear sa Phrótacal coimircí iomchuí i ndáil le cosaint sonraí agus príobháideachas, coimircí lena gcuirtear ar a gcumas do sholáthraithe seirbhíse AE a gcuid oibleagáidí faoi dhlíthe an Aontais maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas a chomhlíonadh, a mhéid a sholáthraíonn an Prótacal foras dlíthiúil le

[27] COM(2018)225 agus 226 final.

[28] Tuairim ón Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí maidir le rannpháirtíocht sa chaibidlíocht le haghaidh an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht an 2 Aibreán 2019, Tuairim 3/2019.

[29] Lena n-áirítear 'An méid a chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí leis an gcomhairliúchán maidir leis an dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist) an 13 Samhain 2019'; 'Ráiteas 02/201 i dtaca le dréachtfhorálacha nua den dara prótacal breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist) mar a glacadh é an 2 Feabhra 2021'; 'An méid a chuir an Bord Eorpach um Chosaint Sonraí leis an 6ú babhta de chomhairliúcháin maidir leis an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist) an 4 Bealtaine 2021'.

haghaidh aistrithe sonraí mar fhreagairt ar orduithe nó iarrataí arna n-eisiúint ag údarás ó Pháirtí neamh-AE sa Phrótacal lena gceanglaítear ar rialaitheoir nó ar phróiseálaí AE sonraí pearsanta nó sonraí cumarsáide leictreonaí a nochtadh.

## 2.4. Forchoimeádais, dearbhú, fógra agus teachtaireachtaí, agus breithnithe eile

Tugann an Prótacal bonn do na Páirtithe leas a bhaint as forchoimeádais áirithe, agus chun dearbhuithe, fógra nó teachtaireachtaí a dhéanamh i ndáil le hairteagail áirithe. Ba cheart do na Ballstáit cur chuige aonfhoirmeach a ghlacadh maidir le forchoimeádais, dearbhuithe, fógraí agus teachtaireachtaí áirithe mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo. Chun comhoiriúnacht chur chun feidhme an Phrótacail le dlí an Aontais a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit den Aontas an seasamh a leagtar amach thíos a ghlacadh maidir leis na forchoimeádais agus na dearbhuithe sin. I gcás ina dtugann an Prótacal le haghaidh forchoimeádais, dearbhuithe, fógraí nó teachtaireachtaí eile, údaraítear leis an togra seo do na Ballstáit a bhforchoimeádais, a ndearbhuithe, a bhfógraí nó a dteachtaireachtaí féin a bhreithniú agus a dhéanamh.

Chun a áirithiú go mbeidh forálacha an Phrótacail comhoiriúnach le dlí agus beartais ábhartha an Aontais, níor cheart do na Ballstáit leas a bhaint as na forchoimeádais de bhun Airteagal 7, mír 9, pointí a[30] agus b[31]. Ina theannta sin, ba cheart do na Ballstáit an dearbhú a dhéanamh de bhun Airteagal 7, mír 2, pointe b[32], agus an fógra a dhéanamh de bhun Airteagal 7, mír 5, pointe a[33]. Tá tábhacht ag baint le heaspa na bhforchoimeádas sin, agus le tíolacadh an dearbhaithe agus an fhógra, chun a áirithiú go mbeidh an Prótacal comhoiriúnach le tograí reachtacha an Choimisiúin maidir le ríomhfhianaise, lena n-áirítear de réir mar a fhorbraíonn an dréachtreachtaíocht sa phlé leis na comhreachtóirí.

Ina theannta sin, d'fhonn a áirithiú go ndéanfaidh na Ballstáit den Aontas an Prótacal a chur i bhfeidhm go haonfhoirmeach ina gcomhar le Páirtithe nach Ballstáit den Aontas iad, moltar do na Ballstáit gan leas a bhaint as an bhforchoimeádas de bhun Airteagal 8, mír 13 iad féin[34], toisc go mbeadh éifeacht chómhalartach ag forchoimeádas den sórt sin freisin[35]. Ba cheart do na Ballstáit an dearbhú a dhéanamh de bhun Airteagal 8, mír 4, chun a áirithiú go bhféadfar feidhm a thabhairt d'orduithe i gcás ina mbeidh gá le faisnéis tacaíochta bhreise, e.g. faoi imthosca an cháis atá idir lámha chun comhréireacht agus riachtanas a mheasúnú.[36]

---

30 Lena gceadaítear do Pháirtithe an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 a chur i bhfeidhm (nochtadh sonraí rannpháirtithe).

31 Lena gceadaítear do Pháirtithe an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 7 (nochtadh sonraí rannpháirtithe) a chur i bhfeidhm maidir le cineálacha áirithe uimhreacha rochtana dá mbeadh sé sin ar neamhréir le bunphrionsabail a gcórais dlí náisiúnta.

32 Lena gceadaítear do Pháirtithe a dhearbhú nach mór don ordú faoi Airteagal 7, mír 1 (nochtadh sonraí rannpháirtithe) a bheith eisithe ag ionchúisitheoir nó ag údarás breithiúnach eile, sin nó faoi mhaoirseacht ionchúisitheora nó údaráis bhreithiúnaigh eile, nó seachas sin, nach mór dó a bheith eisithe faoi mhaoirseacht neamhspleách.

33 Lena gceadaítear do Pháirtithe fógra a thabhairt d'Ard-Rúnaí Chomhairle na hEorpa, nuair a eisítear ordú faoi Airteagal 7, mír 1 (nochtadh sonraí rannpháirtithe) chuig soláthraí seirbhíse ar chríoch Páirtithe, go n-éilíonn an Páirtí fógra comhuaineach faoin ordú, faoin bhfaisnéis fhorlíontach agus faoi achoimre ar na fíorais a bhaineann leis an imscrúdú nó leis an imeacht, i ngach cás nó in imthosca sainaitheanta.

34 Lena gceadaítear do Pháirtithe an ceart a fhorchoimeád gan Airteagal 8 (lena dtugtar feidhm d'orduithe ó Pháirtí eile) a chur i bhfeidhm maidir le sonraí tráchta.

35 Féach mír 147 den tuarascáil mhíniúcháin a ghabhann leis an bPrótacal lena gcinntear 'nach gceadaítear do Pháirtí a fhorchoimeádann an ceart gan an t-airteagal seo a chur i bhfeidhm orduithe maidir le sonraí tráchta a chur faoi bhráid Páirtithe eile faoi [Airteagal 8,] mír 1'.

36 Lena gceadaítear do Pháirtithe a dhearbhú go bhfuil gá le faisnéis tacaíochta bhreise chun feidhm a thabhairt d'orduithe faoi Airteagal 8, mír 1 (feidhm a thabhairt d'orduithe ó Pháirtí eile).

Moltar do na Ballstáit freisin staonadh ón dearbhú a dhéanamh faoi Airteagal 9, mír 1, pointe b[37], chun cur i bhfeidhm éifeachtach an Phrótacail a áirithiú.

Ba cheart do na Ballstáit na teachtaireachtaí a dhéanamh de bhun Airteagal 7, mír 5, pointe e[38], Airteagal 8, mír 10, pointí a agus b[39], Airteagal 14, mír 7, pointe c, agus mír 10, pointe b, chun cur i bhfeidhm éifeachtach foriomlán an Phrótacail a áirithiú.[40]

Ar deireadh, ba cheart do na Ballstáit na bearta is gá a dhéanamh de bhun Airteagal 14, mír 11, pointe c, chun a áirithiú go gcuirfear an Páirtí fála ar an eolas tráth an aistrithe faoin oibleagáid faoi dhlí an Aontais fógra a thabhairt don duine aonair lena mbaineann na sonraí[41], agus sonraí teagmhála iomchuí ionas gur féidir leis an bPáirtí fála an t-údarás inniúil sa Bhallstát den Aontas a chur ar an eolas nuair nach mbeidh feidhm a thuilleadh ag srianta rúndachta agus nuair a fhéadfar fógra a thabhairt.

**2.5. An foras atá leis an togra**

Tiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm nuair a léireoidh cúig Pháirtí a dtoiliú maidir le bheith faoi cheangal ag an bPrótacal de réir fhorálacha Airteagal 16, míreanna 1 agus 2. Beartaítear go mbeidh searmanas sínithe an Phrótacail ar siúl i mí an Mhárta 2022.

Ba cheart do na Ballstáit den Aontas na bearta is gá a dhéanamh chun a áirithiú go dtiocfaidh an Prótacal i bhfeidhm agus go ndaingneofar é go pras, rud atá tábhachtach i bhfianaise roinnt tosca.

Ar an gcéad dul síos, cinnteoidh an Prótacal gur fearr a bheidh na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha in ann teacht ar an bhfianaise leictreonach is gá i leith imscrúduithe coiriúla. Ós rud é go bhfuil méadú ag teacht ar thábhacht na fianaise leictreonaí i leith imscrúduithe coiriúla, tá géarghá leis ionstraimí cearta a bheith ag na húdaráis forfheidhmithe dlí agus na húdaráis bhreithiúnacha chun rochtain a fháil ar fhianaise leictreonach ar bhealach éifeachtach chun a áirithiú gur féidir leo coireacht ar líne a chomhrac go héifeachtach.

Ar an dara dul síos, na bearta sin chun rochtain a fháil ar fhianaise leictreonach, áiritheofar leis an bPrótacal go n-úsáidfear iad ar bhealach a chuirfidh ar a gcumas do na Ballstáit cearta bunúsacha a urramú, lena n-áirítear cearta nós imeachta coiriúla, an ceart chun príobháideachais agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. In éagmais rialacha soiléire ar an leibhéal idirnáisiúnta, d'fhéadfadh dúshláin a bheith ag baint leis na cleachtais atá ann cheana i bhfianaise deimhneacht dhlíthiúil, trédhearcachta, cuntasachta agus urraim do

[37] Lena gceadaítear do Pháirtithe a dhearbhú nach ndéanfaidh siad iarrataí faoi Airteagal 9, mír 1, pointe a, (nochtadh brostaithe sonraí ríomhaireachta i gcás éigeandála) a fhorghníomhú, ar iarrataí iad nach n-iarrann ach sonraí rannpháirtithe a nochtadh.

[38] Lena gceadaítear do na Páirtithe sonraí teagmhála an údaráis arna n-ainmniú acu a chur in iúl chun fógraí a fháil faoi Airteagal 7, mír 5, pointe a, agus na gníomhaíochtaí a dhéanamh a dtugtar tuairisc orthu in Airteagal 7, mír 5, pointí b, c agus d (nochtadh sonraí rannpháirtithe).

[39] Lena gceadaítear do Pháirtithe sonraí teagmhála na n-údarás a chur in iúl, údaráis a ainmníodh chun orduithe a chur isteach agus a fháil faoi Airteagal 8 (feidhm a thabhairt d'orduithe ó Pháirtí eile). I gcomhréir le ceanglais faoi Rialachán (AE) 2017/1939, na Ballstáit a bheidh rannpháirteach sa chomhar feabhsaithe maidir le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) a bhunú, déanfaidh siad OIPE a chur san áireamh sa chumarsáid.

[40] Lena gceadaítear do Pháirtithe an t-údarás nó na húdaráis a chur in iúl ar cheart fógra a thabhairt dóibh i gcás teagmhais slándála, nó ar cheart dul i dteagmháil leo chun réamhúdarú a lorg i gcás aistrithe ar aghaidh chuig Stát eile nó chuig eagraíocht idirnáisiúnta eile.

[41] Féach fonóta 24 thuas.

chearta bunúsacha, mar aon le ráthaíochtaí nós imeachta na ndaoine atá faoi dhrochamhras in imscrúduithe coiriúla.

Ar an tríú dul síos, leis an bPrótacal, réiteofar agus coiscfear coinbhleachtaí dlí a dhéanann difear d'údaráis agus do sholáthraithe seirbhíse na hearnála príobháidí araon agus d'eintitis eile, trí rialacha comhoiriúnacha a sholáthar ar an leibhéal idirnáisiúnta le haghaidh rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach.

Ar an gceathrú dul síos, léireoidh an Prótacal tábhacht leanúnach an Choinbhinsiúin mar an príomhchreat iltaobhach sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta. Beidh sé sin ríthábhachtach sa phróiseas i ndiaidh Rún 74/247 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ó mhí na Nollag 2019 maidir le 'Cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil', Rún lenar bunaíodh coiste saineolaithe idir-rialtasach *ad hoc* neamhiata chun coinbhinsiún cuimsitheach idirnáisiúnta a fhorbairt maidir le cur i gcoinne úsáid na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide chun críoch coiriúil.

## 3. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- *Bunús dlí*

Is bunaithe ar Airteagal 82(1) CFAE atá inniúlacht an Aontais reachtú maidir le hábhair a bhaineann le comhar a éascú idir údaráis bhreithiúnacha nó údaráis choibhéiseacha i ndáil le himeachtaí in ábhair choiriúla agus forfheidhmiú cinntí. Is bunaithe ar Airteagal 16 CFAE atá inniúlacht an Aontais maidir le hábhair a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta.

I gcomhréir le hAirteagal 3(2) CFAE tá an inniúlacht eisiach ag an Aontas chun comhaontú idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích sa mhéid is go bhféadfadh tabhairt i gcrích den sórt sin difear a dhéanamh do chomhrialacha AE nó a raon feidhme a athrú. Tagann forálacha an Phrótacail faoi réimse atá cumhdaithe den chuid is mó ag rialacha comhchoiteanna mar a leagtar amach i roinn 2.3 thuas.

Dá bhrí sin, tagann an Prótacal faoi inniúlacht eachtrach eisiach an Aontais. Dá bhrí sin, féadfaidh na Ballstáit an Prótacal a dhaingniú, chun leas an Aontais, ar bhonn Airteagal 16, Airteagal 82(1) agus Airteagal 218(6) CFAE.

- *Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)*

Neamhbhainteach.

- *Comhréireacht*

Cuspóirí an Aontais maidir leis an togra seo a leagtar amach i roinn 2.5 thuas, ní féidir iad a bhaint amach ach amháin trí chomhaontú idirnáisiúnta ceangailteach a dhéanamh lena bhforáiltear maidir leis na bearta comhair is gá agus cosaint iomchuí ar chearta bunúsacha á háirithiú an tráth céanna. Baintear an cuspóir sin amach leis an bPrótacal. Tá forálacha an phrótacail teoranta don mhéid is gá chun na príomhchuspóirí atá leis a bhaint amach. Ní rogha mhalartach í an ghníomhaíocht aontaobhach toisc nach dtabharfaí bonn leordhóthanach léi le haghaidh an chomhair le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ná ní fhéadfaí an chosaint is gá ar chearta bunúsacha a áirithiú léi. Ina theannta sin, tá sé níos éifeachtaí cloí le comhaontú iltaobhach ar nós an Phrótacail, Prótacal a raibh an tAontas in ann dul i mbun caibidlíochta ina leith, ná dul i mbun caibidlíochta le tíortha aonair nach Ballstáit den Aontas iad ar an leibhéal déthaobhach. Má ghlactar leis go ndaingneoidh gach ceann de na 66 pháirtí sa Choinbhinsiún an Prótacal, chomh maith leis na Páirtithe nua a bheidh ann amach anseo,

beidh an Prótacal ina chomhchreat dlíthiúil le haghaidh chomhar na mBallstát den Aontas lena gcomhpháirtithe idirnáisiúnta is tábhachtaí sa chomhrac i gcoinne na coireachta.

- ***An rogha ionstraime***

Neamhbhainteach.

## 4. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- *Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana*

Neamhbhainteach.

- *Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara*

D'eagraigh Comhairle na hEorpa sé bhabhta de chomhairliúcháin phoiblí maidir leis an gcaibidlíocht faoin bPrótacal, i mí Iúil agus i mí na Samhna 2018, i mí Feabhra agus i mí na Samhna 2019, i mí na Nollag 2020 agus i mí na Bealtaine 2021.[42] Bhreithnigh na páirtithe an t-ionchur a fuarthas mar chuid de na comhairliúcháin sin.

Ina theannta sin, rinne an Coimisiún, ina ról mar idirbheartaí thar ceann an Aontais, tuairimí a mhalartú leis na húdaráis cosanta sonraí, agus d'eagraigh sé cruinnithe comhairliúcháin spriocdhírithe le linn 2019 agus 2021 le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, le soláthraithe seirbhísí agus le comhlachais trádála. Chuir an Coimisiún san áireamh an t-ionchur a fuarthas ó na malartuithe sin.

- *Bailiú agus úsáid saineolais*

Le linn phróiseas na caibidlíochta, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go leanúnach le coiste speisialta na Comhairle um an gcaibidlíocht i gcomhréir leis an gCinneadh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 6 Meitheamh 2019 lena n-údaraítear don Choimisiún a bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht thar ceann an Aontais, rud a thug deis do shaineolaithe ó na Ballstáit cur leis an bpróiseas le haghaidh seasamh an Aontais a fhoirmliú. Lean roinnt saineolaithe ó na Ballstáit de bheith rannpháirteach sa chaibidlíocht freisin, in éineacht le rannpháirtíocht an Choimisiúin thar ceann an Aontais. Bhí comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara ann freisin (féach thuas).

- *Measúnú tionchair*

Rinneadh measúnú tionchair in 2017-2018 le bheith ag gabháil leis na tograí ón gCoimisiún maidir le ríomhfhianaise.[43] Sa chomhthéacs sin, bhí an chaibidlíocht maidir leis an Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Bhúdaipeist maidir le Cibearchoireacht ina chuid den rogha thosaíochta. Thairis sin, cuirtear na tionchair ábhartha i láthair sa mheabhrán míniúcháin reatha.

- *Oiriúnacht rialála agus simpliú*

D'fhéadfadh impleachtaí a bheith ag an bPrótacal ar chatagóirí áirithe soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (FBManna), toisc go bhféadfaidís a bheith faoi réir iarrataí agus orduithe le haghaidh fianaise leictreonach faoin bPrótacal. Faoi láthair,

---

42 https://www.coe.int/en/web/cybercrime/protocol-consultations

43 SWD(2018) 118 final.

áfach, is minic a bheidh na soláthraithe sin faoi réir iarrataí den sórt sin trí bhealaí eile atá ann cheana, iarrataí a tharchuirtear trí údaráis éagsúla uaireanta, lena n-áirítear ar bhonn an Choinbhinsiúin[44], conarthaí eile maidir le Cúnamh Dlí Frithpháirteach, nó creataí eile lena n-áirítear beartais il-pháirtithe leasmhara um rialachas idirlín.[45] Chomh maith leis sin, soláthraithe seirbhíse, lena n-áirítear FBManna, bainfidh siad tairbhe as creat dlíthiúil soiléir ar an leibhéal idirnáisiúnta agus as cur chuige coiteann ag gach Páirtí sa Phrótacal.

- *Cearta bunúsacha*

Is dócha go ndéanfaidh na hionstraimí comhair faoin bPrótacal difear do chearta bunúsacha i gcás ina bhféadfar sonraí duine a fháil i gcomhthéacs imeachta choiriúil, lena n-áirítear i measc rudaí eile an ceart chun triail chóir a fháil, an ceart chun príobháideachais agus an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint. Leanann an Prótacal cur chuige atá bunaithe ar chearta agus déantar foráil ann maidir le coinníollacha agus coimircí i gcomhréir le hionstraimí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine, lena n-áirítear Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa 1950 chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint. Go háirithe, déantar foráil sa Phrótacal maidir le coimircí sonracha i ndáil le cosaint sonraí. I gcás inar gá, tugann an Prótacal bonn do Pháirtithe forchoimeádais, dearbhuithe agus fógraí áirithe a dhéanamh freisin, agus áirítear ann forais chun comhar a dhiúltú mar fhreagairt ar iarraidh i gcásanna sonracha. Áirithítear leis sin go mbeidh an Prótacal ag teacht le Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleacht bhuiséadach ar bhuiséad an Aontais. Féadfaidh costais aonuaire a bheith ag na Ballstáit chun an Prótacal a chur chun feidhme agus d’fhéadfadh costais ní b’airde a bheith ar údaráis na mBallstát mar gheall ar an ardú a mheastar a bheidh ann i líon na gcásanna.

## 6. EILIMINTÍ EILE

- *Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe*

Níl aon phlean cur chun feidhme ann ós rud é go gceanglófar ar na Ballstáit an Prótacal a chur chun feidhme tar éis a shínithe agus a dhaingnithe.

Maidir le faireachán, glacfaidh an Coimisiún páirt i gcruinnithe Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht, Coiste a n-aithnítear an tAontas Eorpach mar Eagraíocht Bhreathnóireachta ann.

---

[44] Féach mar shampla Nóta Treorach 10 ó Choiste an Choinbhinsiúin maidir le Cibearchoireacht an 1 Márta 2017 maidir le horduithe táirgthe le haghaidh faisnéis rannpháirtithe (Airteagal 18 de Choinbhinsiún Bhúdaipeist).

[45] Féach mar shampla an Rún ó Bhord an Chomhair Idirlín um Ainmneacha agus Uimhreacha Sannta (ICANN) an 15 Bealtaine 2019 i ndáil leis na Moltaí maidir le Sonraíocht Shealadach le haghaidh sonraí clárúcháin na bhFearann Barrleibhéil cineálach (gTLD), atá le fáil ag www.icann.org.

2021/0383 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## lena n-údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh, Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16, Airteagal 82(1) agus Airteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 9 Meitheamh 2019, d'údaraigh an Chomhairle don Choimisiún a bheith rannpháirteach, thar ceann an Aontais, sa chaibidlíocht faoin Dara Prótacal Breise a ghabhann le Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht (Coinbhinsiún Bhúdaipeist).

(2) An 17 Samhain 2021, ghlac Coiste Airí Chomhairle na hEorpa téacs an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí ('an Prótacal'), Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht, agus tá sé beartaithe é a oscailt lena shíniú i mí an Mhárta 2022.

(3) Tagann forálacha an Phrótacail faoi réimse a chumhdaítear den chuid is mó le rialacha comhchoiteanna de réir bhrí Airteagal 3(2) CFAE, lena n-áirítear ionstraimí lena n-éascaítear comhar breithiúnach in ábhair choiriúla, lena n-áirithítear íoschaighdeáin maidir le cearta nós imeachta, mar aon le coimircí i ndáil le cosaint sonraí agus le príobháideachas.

(4) Chuir an Coimisiún tograí reachtacha isteach freisin le haghaidh Rialachán maidir le hOrduithe Eorpacha chun Fianaise a Thabhairt ar Aird agus Orduithe Caomhnaithe Eorpacha i gcomhair fianaise leictreonach in ábhair choiriúla (COM(2018)225 final), agus le haghaidh Treoir lena leagtar síos rialacha comhchuibhithe maidir le hionadaithe dlíthiúla a cheapadh chun críche fianaise a bhailiú in imeachtaí coiriúla, lenar tugadh isteach (COM(2018)226 final), Orduithe Táirgthe agus Caomhnaithe Eorpacha ceangailteacha atá le díriú go díreach ar ionadaí de chuid soláthraí seirbhíse i mBallstát eile.

(5) Lena rannpháirtíocht sa chaibidlíocht, thar ceann an Aontais, d'áirithigh an Coimisiún comhoiriúnacht an Dara Prótacal Breise le rialacha comhchoiteanna ábhartha an Aontais Eorpaigh.

(6) Tá roinnt forchoimeádas, dearbhuithe, fógraí agus teachtaireachtaí ábhartha chun comhoiriúnacht an Phrótacail le dlí agus beartais an Aontais a áirithiú, mar aon le cur i bhfeidhm aonfhoirmeach an Phrótacail i measc na mBallstát den Aontas maidir lena gcaidrimh le Páirtithe neamh-AE, agus cur i bhfeidhm éifeachtach an Phrótacail.

(7) Ós rud é go ndéantar foráil sa Phrótacal maidir le nósanna imeachta meara lena gcuirtear feabhas ar rochtain trasteorann ar fhianaise leictreonach agus maidir le leibhéal ard coimircí, déanfar na rudaí seo a leanas de thairbhe a theacht i bhfeidhm: cuirfear leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta agus cineálacha eile coireachta ar an leibhéal domhanda trí chomhar a éascú idir na Páirtithe sa Phrótacal ar Ballstáit den Aontas iad agus na Páirtithe nach Ballstáit den Aontas iad, áiritheofar ardleibhéal cosanta do dhaoine aonair, agus tabharfar aghaidh ar choinbhleachtaí dlí.

(8) Ós rud é go ndéantar foráil sa Phrótacal maidir le coimircí iomchuí i gcomhréir leis na ceanglais i ndáil le haistrithe idirnáisiúnta sonraí pearsanta faoi Rialachán (AE) 2016/679 agus faoi Threoir (AE) 2016/680, áiritheofar an méid seo a leanas lena theacht i bhfeidhm: rannchuideofar le cur chun cinn chaighdeáin an Aontais maidir le cosaint sonraí ar an leibhéal domhanda, éascófar sreabha sonraí idir na Páirtithe sa Phrótacal ar Ballstáit den Aontas iad agus na Páirtithe nach Ballstáit den Aontas iad, agus áiritheofar go gcomhlíonfaidh na Ballstáit den Aontas a gcuid oibleagáidí faoi rialacha an Aontais maidir le cosaint sonraí.

(9) Lena chois sin, leis an teacht i bhfeidhm pras, deimhneofar tábhacht Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa (Coinbhinsiún Bhúdaipeist) mar an príomhchreat iltaobhach sa chomhrac i gcoinne na cibearchoireachta é.

(10) Ní féidir leis an Aontas Eorpach a bheith ina Pháirtí sa Phrótacal, ós rud é go bhfuil an Prótacal agus Coinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le Cibearchoireacht ar oscailt do stáit agus do stáit amháin.

(11) Dá bhrí sin, ba cheart a údarú do na Ballstáit an Prótacal a dhaingniú, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh chun leas an Aontais Eorpaigh.

(12) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim an …

(13) [I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.]

[NÓ]

I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, thug Éire fógra [trína litir an ... ,] gur mian léi a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Chinnidh seo.]

(14) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, Prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear do na Ballstáit an Dara Prótacal Breise i ndáil le comhar feabhsaithe agus nochtadh fianaise leictreonaí a dhaingniú chun leas an Aontais Eorpaigh ('an Prótacal'), Prótacal a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le Cibearchoireacht.

*Airteagal 2*

Nuair a bheidh an Prótacal á dhaingniú ag na Ballstáit, déanfaidh siad na forchoimeádais, na dearbhuithe, na fógraí nó na teachtaireachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 5*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*